



## AN FIADHÚLRA

eolas ar an gcomhshaol

[www.enfo.ie](http://www.enfo.ie)



# Sionnaigh

## Cur Síos orthu

Bíonn dathanna éagsúla ar shionnaigh rua, idir buí éadrom agus donn trom rua, agus dath bán nó éadrom ar a mbolg srl. Bíonn an t-eireaball tiubh, fada agus mothallach, agus bior bán beagnach i gcónaí air. Bíonn cluasa na sionnach sách fada agus biorach.

<i>Fad na colainne</i>	<i>50-100cm</i>
<i>Fad an eireabaill</i>	<i>30- 45cm</i>
<i>Cos Deiridh</i>	<i>13-16cm</i>
<i>Fad an Lapa</i>	<i>5cm</i>
<i>Aird ón ngualainn</i>	
<i>anuas</i>	<i>30-40cm</i>
<i>Meáchan</i>	<i>4 – 9 cg</i>

## Raon & Gnáthóg

Tar éis daoine, tá sionnaigh ar na hainmhithe is forleithne ar domhan. Is féidir leo maireachtáil i bhforaoisí dlútha, i dtundra an Artaigh, ar fhéarthailte oscailte nó ar shráideanna cathrach, ach is fearr leo limistéir mar a bhfuil an-éagsúlacht fásra. Is é an áit is fearr leo cónaí ann ná i measc nó cóngarach do scrobarnach, choillearnach nó d'fhásra ard eile. Is fearr le sionnaigh uirbeacha i gcathracha limistéir mar a bhfuil tithíocht scoite nó leathscoite le gairdíní móra.

## Baile Sionnaigh

Cónaíonn sionnaigh faoin talamh i 'mbrocaisí' nó 'brocaigh'. Tá siad

seo díreach cosúil le poill choiníní ach amháin go mbíonn siad níos mó. Is é an chaoi go ndéantar brocais de sheanpholl coiníní nó brocach broic uaireanta.

Bíonn roinnt brocaisí ag sionnaigh laistigh dá gcríocha de ghnáth. Caitheann siad go leor dá gcuid ama lasmuigh de shéasúr na cúplála os cionn talún faoi chlúdach fásra dlúith. Roghnaíonn an sionnach báineann brocais i rith shéasúr na cúplála ina mbeidh na coileáin aici, agus is féidir na coileáin a bhogadh ó bhrocais go brocais agus iad saolaithe má chuirtear isteach orthu. Is iomaí brocais nach mbíonn ach áit nó dhó le dul isteach inti ach d'fhéadfadh go leor bealaí a bheith ann le dul isteach i mbrocaisí breithe.

Bíonn sionnaigh níos líonmhaire i limistéir uirbeacha ná mar a bhíonn faoin tuath. Is dócha go dtarlaíonn sé seo toisc go mbíonn foinsí bia ar fáil níos rialta... a bhuíochas linne! Bíonn líonmhaireacht na sionnach i mBaile Átha Cliath thart faoi 1.4 teaghlach sionnaigh in aghaidh gach cileaméadar cearnach ar an meán. D'fhéadfadh na rátaí líonmhaireachta a bheith cuid mhaith níos ísle ná seo i limistéir tuaithe.

## Conas brocais a shainaitheint...

Is minic a bhíonn brocaisí sionnaigh folaithe i gcasarnach dlúth agus d'fhéadfaidís a bheith deacair le haimsíú, neamhchosúil le brocaigh na mbroc, a bhíonn



níos feiceálaí. Is minic gurb é an t-aon fhianaise dá bhfeictear go bhfuil brocais ann ná na rianta a dhéanann na sionnaigh tríd an gcasarnach agus iad ag taisteal chuig agus amach ón mbrocais. Bíonn brocaisí i limistéir uirbeacha suite i gcasarnach dlúth nó i ngairdíní atá ligthe chun báin de ghnáth. Is minic a bheidh brocaisí uirbeacha suite faoi bhun bothán nó faoi nithe eile arna dhéanamh ag daoine agus bíonn siad suite faoi bhun nó laistigh de thithe ar uairibh fiú! Fuarthas brocaisí sionnaigh sna háiteanna seo a leanas i mBaile Átha Cliath: gairdíní, botháin, cairn mhúirín, íoslach eaglaise, seomra oibre tís i dteach príobháideach (i measc na na n-éadaí le níochn!) agus i ngluaisteán caite i gclós dramhaíola!

### Conas a fháil amach an bhfuil brocais in úsáid...

- *Sáigh do cheann isteach beagán sa pholl isteach sa bhrocais agus faigh boladh uaidh. Má fhaigheann tú boladh géar searbh 'feoilteora', tá sionnaigh sa bhrocais.*
- *Lorg fuilleach bia amhail cnámha agus cleití spréite thart ar an áit a théitear isteach. Seans go gciallódh sé seo go bhfuil coileáin sa bhrocais.*
- *Is maith le sionnaigh beagán bolg le gréin a dhéanamh lasmuigh den bhrocais agus an aimsir go maith. Lorg comharthaí go bhfuil an féar treascartha gar don áit isteach sa bhrocais.*
- *Bíonn ithir an-torthúil mar gheall ar an mbualtrach, an mún agus fuilleach an bhia a fhágann sionnaigh ina ndiaidh. Beidh go leor plandaí ag fás in aice láimhe dá bharr, go háirithe san earrach, b'fhéidir roinnt plandaí neamhghnácha fiú a mbíonn ithir an-saibhir ag teastáil uathu.*

- *Is minic a chuireann coileáin sionnaigh in iúl go bhfuil siad i láthair i ngairdíní uirbeacha trí bhréagáin, bhuataisí agus bric-a-brac eile a bhailiú, trína bheith ag treascairt bláthcheapaí agus ag cur faichi trína chéile.*

### Saol Teaghlach

Bíonn sionnach fireann agus sionnach bainneann agus a gcoileáin ina gcónaí i mbaile a mbrocaise go tipiciúil má bhíonn an bheirt acu i mbun síolraithe le chéile. Is minic a fhanfaidh sionnach bainneann eile nach mbíonn i mbun síolraithe (arb í sliocht na bliana roimhe sin) sna críocha agus cabhróidh sí leis na coileáin a thógáil. Tarlaíonn sé corruair go dtógfaidh dhá shionnach bhaineanna coileáin sna críocha céanna nó fiú sa bhrocais chéanna.

Bíonn na sionnaigh fhireanna ag troid chun a gcríocha a chosaint i rith shéasúr na cúplála i mí Eanáir agus mí Feabhra. Bíonn sionnach bainneann ag iompar ar feadh 53 lá agus bíonn ál amháin aici in aghaidh na bliana. Saolaítear coileáin i mí an Mhárta/Aibreáin agus bíonn 4-6 choileán san ál ar an meán. Ní bhíonn ach meáchan 50-150 gram i gcoileáin bhídeacha na sionnach ar bhreith dóibh agus ní bhíonn siad in ann a súile a oscailt go dtí go mbíonn siad 9-14 lá d'aois ar a laghad. Bíonn siad in ann an bhrocais a fhágáil faoi dheireadh ar 4-5 seachtaine d'aois ach bíonn a máthair fós ag teastáil uathu le haire a thabhairt dóibh go mbaintear dá siní iad ar 8-10 seachtaine. D'fhéadfadh an máthair roghnú a cuid coileán a bhogadh roinnt uaireanta go dtí brocaisí éagsúla ar mhaithe le sábháilteacht i gcaitheamh na tréimhse seo. Fanann teaghlach sionnach le chéile go dtí an fómhar, agus beidh méid sionnaigh fhásta sna coileáin faoin am seo. Scaipfidh an t-ál amach ó raon na

dtuismitheoirí an tráth seo go n-aimseoidh siad a gcríocha féin. Bogfaidh sionnaigh óga fhireanna chomh fada le 40 ciliméadar ar shiúl agus sionnaigh óga bhaineanna chomh fada le 10 ciliméadar ar shiúl. An uair a bhíonn an t-ál daingnithe i gcríocha nua, fanfaidh siad ann ar feadh a saoil.

Beidh coileáin na sionnach sách aibí faoin séasúr cúplála dár gcionn lena dteaghlach féin a thosú. Is féidir le sionnaigh maireachtáil chomh fada le 12 bhliain agus iad i mbraighdeanas, ach ní mhaireann sionnaigh ach ar feadh 3 nó 4 bliana agus iad i ndúichí fhiáine agus contúirtí amhail trácht, sealgaireacht agus troideanna idir na sionnaigh fhireanna rompu.

### Nósanna Itheacháin

Ainmhithe oíche is ea sionnaigh – is é sin le rá gurb an oíche an tráth is gníomhaí a bhíonn siad. Mura gcuirtear isteach orthu, is féidir iad a fheiceáil i gcaitheamh an lae chomh maith. Uiliteoirí is ea sionnaigh. Ciallaíonn sé seo go n-íosann siad ainmhithe eile chomh maith le plandaí. Tá na hainmhithe seo a leanas i measc an bhia is ansa le sionnaigh: coiníní, éin agus creimirí beaga, amhail francaigh.

Bíonn droch-chlú ar an sionnach ag feirmeoirí uaireanta a chuireann an locht orthu as uain agus éanlaith clóis a mharú. Is é an chaoi gurb annamh a théann sionnaigh sa tóir ar uain agus ní bhíonn uain ach ina gcuid an-bheag d'aiste bia na sionnach. Nuair a thógann sionnaigh uain nó caoirigh ar shiúl, is minice gurb ainmhithe iad siúd atá básaithe cheana féin ar chúiseanna eile. Is fíor go mbíonn sionnaigh sa tóir ar éanlaith clóis áfach agus go dtógfaidh siad cearca nó éin eile den sórt sin agus gan claí ceart thart ar a n-áitreabh siúd.



Is breá le sionnaigh uibheacha éan agus bíonn siad an-dea-chothaitheach freisin, mar sin ní ionadh ar bith go dtógfaidh sionnaigh iad uair ar bith is féidir leo. Bainfidh sionnach ailp as an ubh ionas go mbrisfean an blaosc ar fad agus lífidh siad buíocán agus gealacán na huibhe aníos ón talamh. Uaireanta má aimsíonn sionnach ubh gan ocra a bheith air, cuirfidh sé i bhfolach faoi roinnt caonaigh í, toisc go mbíonn sí ró-shobhriste le hiompar ar ais chun na brocaise. Bíonn an iliomad torthaí agus caora difriúla a bhíonn ar fáil sa samhradh agus san fhómhar ina gcuid mhór den aiste bia an tráth sin bliana. Itear silíní agus plumaí go háirithe ina n-iomláine ón talamh.

## Fianaise ar mharú

Nuair a itheann sionnach luch nó éan beag, is annamh go bhfágfar mórán riain den mharú. Itear an chreach ina hiomláine de ghnáth. An t-aon fhianaise ar mharú a bheadh ann ná cúpla stoth fionnaidh, roinnt eítí nó cúpla braon fola. D'fhéadfadh an obair fhiosrúcháin a bheith chomh deacair céanna i gcás ainmhithe níos mó a mharaítear. Ag brath ar



rian sionnaigh



rian madra

a ocrasaí is a bhíonn an sionnach nó ar mhéid an ainmhí atá sé tar éis a mharú, d'fhéadfadh sé socrú an rud a thabhairt abhaile chun na brocaise, rud a d'fhágfadh gur beag rian de a bheadh fágtha os cionn talún. Íosfaidh an sionnach an rud a mharaíonn sé os cionn talún níos minice ná a mhalairt, rud a d'fhágfadh go bhfágfaí leideanna amhail bualtrach nó loirg a lapaí.

Caithfean cnámha ainmhithe níos mó amach lasmuigh den bhrocais agus an béile caite áfach, mar sin b'áit mhaith í siúd le breathnú leis an méid a bhí á ithe ag do chuid sionnach a fheiceáil.

## Roinnt Bianna Sionnaigh

<i>Coiníní</i>	<i>Uibheacha</i>
<i>Giorriacha</i>	<i>Feithidí</i>
<i>Francaigh</i>	<i>Péisteanna</i>
<i>Lucha</i>	<i>Torthaí</i>
<i>Gráinneoga</i>	<i>Fuilleach bia</i>
<i>Éin</i>	

## Rianta

Is éard is rian ann ná lorg a choise a fhágann ainmhí sa talamh. An raibh a fhios agat go mbíonn cúig mhéar coise ar a lapaí tosaigh ag sionnaigh ach nach mbíonn ach ceithre chinn ar a lapaí deiridh acu? Bíonn an cúigiú mhéar coise ar an lapa tosaigh ardaithe aníos áfach, mar sin ní bhíonn sé le feiceáil sa rian. Is beag nach ionann lorg a gcoise nó a lapa clé agus lorg a gcoise deise, neamhchosúil linne, mar sin d'fhéadfadh sé bheith deacair iad a idirdhealú ar a chéile mura n-aimsíonn tú ach lorg amháin. Is éasca na lapaí tosaigh agus deiridh a idirdhealú ar a chéile, toisc go mbíonn an lapa tosaigh beagán níos mó ná an lapa deiridh.

Agus rianta sionnaigh á lorg agat, bí cúramach gan iad a thógáil in ainriocht rianta madraí, mar bíonn si sách cosúil lena chéile. Seo tábla chun cabhrú leat na difríochtaí eatarthu a dhéanamh amach.

## Rian Sionnaigh

*Lapadáin bheaga (amuigh is istigh ar 5cm ar leithead)*

*Lapaí tosaigh beagán amach ón lapadán láir*

*Bíonn spás measartha idir na lapadáin uile*

*Bíonn marcanna na gcrúb tanaí fada*

*Bíonn rian sionnaigh níos caoile agus níos faide i gcomparáid le rian madra*

## Rian Madra

*Lapadáin mhóra (d'fhéadfaidís bheith ar mhéideanna éagsúla)*

*Lapaí tosaigh gar don lapadán láir*

*Bíonn na ladapadáin uile cóngarach dá chéile*

*Bíonn marcanna na gcrúb gearr cruinn*

*Bíonn rian madra níos cruinne agus níos giorra ná rian sionnaigh*

## Bualtrach

Is féidir bualtrach sionnaigh a shainiú sách éasca, mar sin beidh a fhios agat an raibh sionnach sa timpeall. Bíonn siad cosúil le bualtrach madra ach bíonn cor bíse inti le bior ar dheireadh amháin. Is féidir dathanna éagsúla idir dubh agus liath a bheith uirthi ag brath ar an méid a bhí á ithe ag an sionnach. Tugann caoir san fhómhar dath níos dorcha ach tugann cnámha ainmhithe dath leathbhán níos éadroime. Is féidir fionnadh, agus ruainní cleití agus ainmhithe beaga a aimsiú i mbualtrach i gcaitheamh na bliana ar fad. Is féidir cnámharlach crua seachtrach feithidí, a dtugtar citin air, a fheiceáil sa samhradh. Bíonn dúil ar leith ag sionnaigh i gciaróga. Toisc go mbaineann sionnaigh úsáid as boladh suaithinseach a mbualtraí lena gcríocha a mharcáil amach, beidh bualtrach

le fáil in áiteanna crochta go coitianta amhail stacáin crainn, féir arda nó ar charraigeacha móra.

## Cumarsáid

Cosúil le gach mamach eile, fágann sionnaigh a mboladh suaithinseach gach áit a dtéann siad. Déantar é seo de ghnáth chun a gcríocha a mharcáil amach do shionnaigh eile. Bíonn eolas sa bholadh a thugann inscne an tsionnaigh le fios agus cé chomh sean agus sláintiúil nó láidir is atá sé. Bíonn an-bholadh ar fad ó shionnaigh i rith sheasús na cúplála! Is féidir le cumhrachtaí a thabhairt le fios an bhfuil sionnach baineann ag iompar nó fiú an bhfuil coileáin óga aici. Bíonn an chumhracht ina chineál cumarsáide an-tábhachtach.

## Caint na Sionnach

Bíonn suas le 20 glaoch dhifriúla ag sionnaigh, agus tá 8 gcinn ann nach mbaineann ach coileáin úsáid astu. Is é an chaoi go mbíonn sionnaigh sách tostach sa mhéid is nach nglaofaidh siad ach thart faoi uair amháin gach cúig uair a chloig. Bíonn roinnt de na glaonna seo cairdiúil agus is féidir leo a bheith sách casta, agus bíonn roinnt eile ionsaitheach agus i bhfad níos simplí. Seo liosta den 8 nglaoch sionnaigh is coitianta a chloistear.

**Tafann/ béiceanna:** Na glaonna is coitianta ar fad. Baintear úsáid as na glaonna ionsaitheacha seo chun críocha a mharcáil amach.

**Scréacha:** Déanann sionnaigh bhaineanna iad seo chun sionnaigh fhireanna a mhealladh sa gheimhreadh; ina nglaoanna fada a thosaíonn de réir a chéile rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca an glaoiteoir a aimsiú.

**Drantán:** An-chosúil le drantán madra agus baintear úsáid as mar bhagairt freisin.

**Geonáil ard:** Tagann siad seo i ndiaidh tafainn de ghnáth.

**Tafann amh-amh/ tafann snagach:** amhanna iomadúla (3-6), ar féidir a chloisteáil i bhfad ar shiúl agus a mbaintear úsáid astu le haghaidh cumarsáide cairdiúla.

**Glaonna díoscánacha:** Racht gairid d'fhuaimeanna géara c-c-c-c-c. Glaoch ionsaitheach deasghnáthach.

**Béiceanna geonaíola:** Rud a léiríonn dianghéilleadh do shionnach eile.

**Screadanna:** Glaonna cosanta nó bagartha

## Tagairtí:

Bang, Preben (1974) *Collins Guide to Animal Tracks and Signs*. Collins, Londain.

Delany, M.J. (1982) *Mammal Ecology*. Blackie & Son Ltd., Londain

Harris S. (1986) *Urban Foxes*. Whittet Books Ltd., Londain

Hayden T. & Harrington R. (2000) *Exploring Irish Mammals*. Town House Ltd., Baile Átha Cliath.

Nowak, Ronald, M (1999) *6th Edition Walkers Mammals of the World, Volume 1*. The John Hopkins University Press, Londain.

Van den Brink, F.H. (1977) *A field Guide to the Mammals of Britain and Europe*. Wm Collins Sons & Co., Ltd., Londain.

*Buíochas le:*

David Wall, Roinn na Zó-eolaíochta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Dr John Rochford, Roinn na Zó-eolaíochta, Coláiste na Tríonóide

Arna scríobh ag Justine Cavanagh



Arna eisiúint ag:  
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil  
17 Sráid Naomh Aindrias,  
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: (01) 8883910  
Lóghlaoch: 1890 200191  
Faics: (01) 888 3946  
r-phost: [info@enfo.ie](mailto:info@enfo.ie)  
[www.enfo.ie](http://www.enfo.ie)

*Scriobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nlonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údarás Áitiúil/Leabharlaine Contae a sheiceáil amach.*

*Seirbhís leis an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil is ea ENFO*

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte  
2005

